

Cáin Talún Criosaithe Cónaithe (CTCC)

Mhol *Tithíocht do Chách– Plean Tithíochta Nua d’Éirinn* an Rialtais cáin nua chun talamh folamh a ghníomhachtú ar mhaithe le críocha cónaithe mar chuid den Chonair chun Soláthar Tithíochta Nua a Mhéadú.

Tháinig **Cáin Talún Criosaithe Cónaithe** isteach san *Acht Airgeadais 2021*. Tá an próiseas chun talamh lena mbaineann an cháin a shainaithint ar siúl anois agus beidh an cháin iníoctha ó 2024.

Is é cuspóir na cánach ná talamh a ghníomhachtú atá seirbhísithe agus criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe nó úsáide measctha, lena n-áirítear úsáid chónaithe, chun soláthar tithíochta a mhéadú agus chun athghiniúint tailte folmha agus díomhaoine in áiteanna uirbeacha a chinntiú. Aithníodh na suíomhanna seo laistigh de phleananna reachtúla úsáide talún mar shuíomhanna cuí le haghaidh tithíochta agus bhain siad tairbhe as infheistíocht sna príomhsheirbhísí chun tacú le tithíocht a sheachadadh.

Tá dhá chuid ag an bpróiseas CTCC

1) An talamh a aithint agus a mhapáil i scóip don cháin. Tugann údaráis áitiúla faoi seo trí dhréachtléarscáileanna agus léarscáileanna forlíontacha a fhoilsiú – féach thíos.

2) Riarachán na cánach, atá le déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim ó 2024 ar aghaidh.

Talamh a aithint atá faoi dhliteanas CTCC

D'ullmhaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dréachtléarscáil den talamh a mheastar a bheith i scóip don CTCC amhail an 1 Deireadh Fómhair, 2022.

Is féidir breathnú ar an dréachtléarscáil ag:

- www.dublincity.ie/RZLTMap

nó

Oifigí na Cathrach, An Cuntar Poiblí Pleanála, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8 Luan - Aoine idir 9.00 am - 4.30 pm.

Oifigí Ceantair, mar atá liostaithe thíos agus i rith a ngnáthuaireanta oifige:

- **Oifig an Cheantair Láir, 51-53 Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada Íochtarach, Baile Átha Cliath 1** Luan - Aoine idir 9.30 am - 4.00 pm.
- **Oifig Ceantair na Cabraí, 97 Bóthar Nua na Cabraí, Baile Átha Cliath 7** Luan - Aoine idir 10.00 am - 1.00 pm.

- **Ionad Cathartha an Láir Thuaidh, Bóthar Bhun Raite, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17** Luan - Aoine idir 9.30 - 4.00 pm.
- **Ionad Cathartha Bhaile Munna, An tSráid Mhór, Baile Munna, Baile Átha Cliath 9** Luan - Aoine idir 9.30 am - 1.00 pm agus sa tráthnóna ach is gá coinne a dhéanamh.
- **Ionad Cathartha Fhionnghlaise, Bóthar Uí Mhaoilíosa, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11** Luan - Aoine idir 9.30 am - 1.00 pm agus sa tráthnóna ach is gá coinne a dhéanamh.
- **Ionad Cathartha Bhaile Formaid, Bóthair Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10** Luan - Aoine idir 9.00 am - 5.00 pm.
- **Oifig Ceantair Chromghlinne, 13 Bóthar San Aignéas, Sráidbhaile Chromghlinne, Baile Átha Cliath 12** Luan, Céadaoin, Aoine 9.30 am - 4.00 pm.
- **Teach Eblana, Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8** Luan - Aoine idir 9.30 am - 4.00 pm.

Féadfaidh aon daoine nó páirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir le talamh ar an dréachtléarscáil. Pléitear sa bhreis leis seo i mionsonraí thíos.

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil maoiné cónaithe faoi réir CTCC má tá siad faoi réir Cánach Maoine Áitiúla, cé go bhfuil siad san áireamh ar an léarscáil. Ní gá aighneacht a dhéanamh chun an cineál maoiné cónaithe seo a bhaint den léarscáil.

Is féidir leis an bpobal aighneachtaí a dhéanamh ar an dréachtléarscáil ó 1^ú Samhain 2022 go dtí 1^ú Eanáir 2023. Is féidir leis na haighneachtaí seo agóid a dhéanamh i gcoinne tailte áirithe a chur san áireamh ar an dréachtléarscáil ar an mbonn nach gcomhlíonann na tailte sin na critéir atá leagtha amach laistigh den [reachtaíocht](#) ábhartha; an dáta ar a meastar go gcomhlíonann an talamh na critéir seo; nó is féidir athrú criosaithe a iarraidh. Le linn chéim na dréachtléarscáile, Is féidir le haighneachtaí talamh breise a aithint freisin ar cosúil go gcomhlíonann siad na critéir agus mar sin bíonn sé laistigh den scóip agus a d'fhéadfaí a chur ar an léarscáil fhorlíontach.

Foilseofar léarscáil fhorlíontach ar an 1 Bealtaine 2023 a aithneoidh talamh breise a mheastar a bheith i scóip mar thoradh ar athrú criosaithe, seirbhísithe nó i gcás ina dtagann an t-údarás áitiúil ar an eolas go bhféadfadh talamh, nach raibh le feiceáil ar an dréachtléarscáil, na critéir a chomhlíonadh maidir le bheith i scóip, ar nós an áit ar aithníodh é seo le linn aighneachtaí. Beidh an léarscáil fhorlíontach ar taispeáint go poiblí freisin agus oscailte d'aighneachtaí a d'fhéadfadh agóid a dhéanamh i gcoinne talamh breise a chur san áireamh ar an léarscáil.

Cuirfear talamh atá le feiceáil ar na dréachtléarscáileanna agus na léarscáileanna forlíontacha araon san áireamh, arna leasú chun toradh na n-aighneachtaí a rinneadh maidir leis an talamh ar na léarscáileanna seo a chur san áireamh ar an léarscáil dheiridh talún i scóip don cháin i limistéar an údaráis áitiúil a fhoilseofar an 1 Nollaig 2023. Beidh an talamh seo faoi réir na cánach mura bhfuil sé díolmhaithe mar mhaoin chónaithe, mar atá leagtha amach thuas.

Cuimsíonn léarscáil CTCC, mar a d'ullmhaigh agus a d'fhoilsigh na húdaráis áitiúla í, tailte a chomhlíonann na critéir ábhartha le cur ar an léarscáil mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Is faoi na Coimisinéirí Ioncaim é riar an CTCC.

Is féidir teacht ar an reachtaíocht atá mar bhonn leis an CTCC ag Cuid 22A den [Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997](#). Is féidir treoir maidir le riaradh na cánach a fháil [anseo](#) [nasc chuig láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim]

Is féidir breathnú anseo ar na Treoirínte maidir le Cáin Talún Criosaithe Cónaithe, mar atá ullmhaithe agus foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, chun cabhrú le húdaráis pheanála na léarscáileanna a fhoilsiú.

Is féidir leat freagraí a fháil ar roinnt ceisteanna a chuirtear go minic faoin CTCC agus conas aighneacht a dhéanamh [anseo](#)

Ag cur aighneacht isteach

Is féidir aighneacht a chur isteach chun:

- Dúshlán a thabhairt maidir le talamh atá san áireamh ar an léarscáil má mheasann an t-úinéir nach gcomhlíonann an talamh na critéir a chinneann an talamh i scóip
- Chun dúshlán an dáta a mheastar a bheith i scóip na talún a thabhairt
- Athrú criosaithe a iarraidh.
- Talamh breise a aithint a d'fhéadfadh titim i scóip (le haghaidh dréachtléarscáile amháin)

Tabhair faoi deara go gcaithfidh d'aighneacht an suíomh a aithint go soiléir agus breac-chuntas a thabhairt ar an athrú ar an mapáil Cánach Talún Criosaithe Cónaithe atá á lorg agat, (i.e. talamh a áireamh nó a eisiáim ar léarscáil údaráis áitiúil, nó an dáta ar chomhlíon an suíomh na critéir den chéad uair lena gcur ar an léarscáil) chomh maith le húdar a thabhairt don athrú atá á lorg. Caithfidh na **critéir** atá leagtha amach in Alt 653B den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997a bheith san aighneacht ar a bhfuil tú ag brath i d'aighneacht don talamh a bheith i scóip nó lasmuigh de scóip. Féadfaidh an t-údarás áitiúil faisnéis bhreise a iarraidh freisin tar éis d'aighneacht a fháil (m.sh. cruthúnas úinéireachta nó tuilleadh faisnéise).

Aighneachtaí úinéir talún

Má tá aighneacht á déanamh agat maidir le talamh atá agat féin nó thar ceann úinéir na talún, tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

- D'ainm agus do sheoladh
- Ní mór léarscáil de chuid an tSuirbhéireachta Ordanáis a bheith in éineacht le haighneachtaí ó úinéir talún maidir lena dtalamh féin ag taispeáint na maoin ar scála cuí, 1:1000 (ceantair uirbeacha) nó 1:2500 (ceantair thuaithe) atá

oiriúnach chun an talamh atá i gceist a aithint. Tabhair faoi deara go bhféadfadh an t-údarás áitiúil cruthúnas ar úinéireacht suímh a iarraidh.

- Má tá do thalamh ar an léarscáil, b'fhéidir gur mhaith leat aird an údaráis áitiúil a tharraingt ar chúrsaí a léiríonn nach bhfuil an talamh i scóip don cháin, nó nach bhfuil an dáta a measadh an talamh i scóip ceart agus ba chóir gur athraítear é.
- Tagairt do chritéir in Alt 653B den [Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997](#) – Ba cheart d'aon aighneacht tagairt a dhéanamh dóibh seo mar aon le fianaise lena mbreithniú ag an údarás áitiúil chun tacú le haon éilimh maidir le cineál seirbhísithe na talún nó aon eisiamh ba cheart a chur i bhfeidhm. Ní mór tagairt a dhéanamh do na critéir seo freisin má fhéachann an aighneacht le talamh breise a chur ar an léarscáil.
- Ba cheart go leagfaí amach san aighneacht aon údar le talamh a áireamh nó a eisiamh, le tagairt do na critéir sa reachtaíocht.
- Má tá aighneacht á déanamh agat maidir le criosú, tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir aighneacht a iarrann athrú criosaithe a dhéanamh ach amháin maidir le talamh atá ar an léarscáil cheana féin.
- Sa chás go lorgaítear athrú criosaithe úsáide talaimh, ba cheart don úinéir talamh a leagan amach cén fáth go bhfuil an t-athrú criosaithe ar mhaithe le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, chomh maith le haon chúinsí eile ar mian leo aird an údaráis áitiúil a tharraingt orthu.

Aighneachtaí tríú Páirtí

Má tá aighneacht á déanamh agat faoi thalamh nach leatsa féin ansin is tíolacóir tríú páirtí tú. Ní féidir le tríú páirtithe aighneacht a dhéanamh maidir le criosú.

I d'aighneacht ba cheart duit na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- D'ainm agus do sheoladh
- Eolas chun an talamh a aithint - cur síos scríofa, Éirchód nó léarscáil le himlíne curtha thart ar an gceantar. I gcás nach féidir leis an údarás áitiúil an talamh a aithint b'fhéidir nach mbeidh siad in ann an aighneacht a chur san áireamh.
- Maidir leis an talamh ar an léarscáil, b'fhéidir gur mhaith leat aird an údaráis áitiúil a thabhairt ar chúrsaí a léiríonn nach bhfuil an talamh i scóip don cháin, nó nach bhfuil an dáta a measadh an talamh i scóip i gceart agus go mba chóir é a athrú.
- Nach bhfuil an talamh ar an dréachtléarscáil faoi láthair agus an bhfuil d'aighneacht ag moladh gur chóir é a mheas i scóip don cháin?
- Tagairt do chritéir in Alt 653B den [Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997](#) – Ba cheart d'aon aighneacht tagairt a dhéanamh dóibh seo mar aon le fianaise lena mbreithniú ag an údarás áitiúil chun tacú le haon éilimh maidir le cineál seirbhísithe na talún nó aon eisiamh ba cheart a chur i bhfeidhm. Ní mór tagairt a dhéanamh do na critéir seo freisin má fhéachann an aighneacht le talamh breise a chur ar an léarscáil.

- Ba cheart go leagfaí amach san aighneacht aon údar le talamh a áireamh nó a eisiamh, le tagairt do na critéir sa reachtaíocht.

Cén cineál formáide ar cheart a bheith ar d'aighneacht?

Is féidir aighneacht a chur faoi bhráid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

- Is féidir aighneacht i scríbhinn a dhéanamh go leictreonach tríd an leathanach gréasáin ag www.dublincity.ie/RZLTMap

Nó

- Is féidir aighneacht i scríbhinn a sheoladh chuig “Léarscáil RZLT”, An Roinn Pleanála agus Forbartha Réadmhaoine, Bloc 4, Urlár 3, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.

Maidir le haon aighneacht a dhéanamh, más é an t-úinéir talún nó tríú páirtí é, tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

- Bailítear an fhaisnéis phearsanta (sonraí) a bhailítear le linn an phróisis chomhairliúcháin chun aighneachtaí a fháil agus déileáil leo.
- Is féidir sonraí teagmhála a chuirtear ar fáil a úsáid chun teagmháil a dhéanamh le tíolacóir a mhaíonn gurb é úinéir talún láithreáin ar leith é. Beidh sé seo chun fianaise a iarraidh de réir mar is gá chun a n-úinéireacht ar an suíomh a chruthú, de réir 653D (4) den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997 nó tuilleadh faisnéise a iarraidh ón úinéir talún de réir 653E (2) den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997.
- Féadfaidh údarás áitiúil, i gcás ina measann sé gur gá chun an cinneadh a dhéanamh, laistigh de 21 lá ón dáta dá dtagraítear i 653D (1) den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997, tuilleadh faisnéise a iarraidh ó Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Bóithre nó ó dhuine dá dtagraítear in airteagal 28 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001.
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a bpróiseálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Sonraí Pearsanta féach ar ár [\[nasc\]](#) don Ráiteas Príobháideachais
- Sainaithe aon chodanna de d'aighneacht ina bhfuil sonraí pearsanta nó íogair ó thaobh na tráchtála de nach mian leat a fhoilsiú, le do thoil.

Déanfar gach aighneacht scríofa a mheas. Déanfaidh an t-údarás Áitiúil cinneadh scríofa maidir le haighneachtaí ó úinéirí talún. I measc na bpríomhchéimeanna a thógfaidh an t-údarás áitiúil sula bhfoilseofar léarscáil dheiridh tá, ach níl siad teoranta do na nithe seo a leanas.

Dréachtléarscáil

- Foilseofar aighneachtaí a fhaightear maidir leis an dréachtléarscáil ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil roimh 11th Eanáir 2023 (nóta: sonraí pearsanta, i.e. déanfar ainm, seoladh tíolactha agus sonraí teagmhála an tíolactha a bhaint amach, ach foilseofar suíomh tailte lena mbaineann an aighneacht mar aon le forais na haighneachta).
- Sa chás go n-iarrann úinéir talún a láithreán a eisiamh ón dréachtléarscáil ar an mbonn nach gcomhlíonann sé na critéir maidir le bheith i scóip, nó tugann sé dúshlán an dáta as ar chomhlíon talamh ar an léarscáil na critéir seo, ní mór don údarás áitiúil a chinneadh a chur in iúl don úinéir tráth nach déanaí ná 1^ú Aibreán 2023.
- Ní mór don úinéir talaimh achomharc a dhéanamh ar chinneadh an údaráis áitiúil maidir le haighneacht úinéir talún ar an dréachtléarscáil, a thaisceadh ag an úinéir talún leis an mBord Pleanála roimh 1^ú Bealtaine 2023.
- I gcás inar iarr duine suíomh a chur leis an dréachtléarscáil agus measann an t-údarás áitiúil gur ionann suíomhanna ar cuireadh aighneachtaí ina leith nó bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don údarás áitiúil, agus gur tailte iad a shásaíonn na critéir ábhartha ansin aithneofar na suíomhanna seo ar léarscáil fhorlíontach talún i scóip don cháin a fhoilseoidh na húdaráis áitiúla an 1^ú Bealtaine 2023.

Léarscáil Fhorlíontach

- Ní mór aighneachtaí maidir le talamh a shainaithnítear ar an léarscáil fhorlíontach a dhéanamh ach roimh 1^ú Meitheamh 2023.
- Foilseofar aighneachtaí a fhaightear maidir leis an léarscáil fhorlíontach ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil roimh 11^ú Meitheamh 2023 (nóta: sonraí pearsanta, i.e. déanfar ainm, seoladh tíolactha agus sonraí teagmhála an tíolactha a bhaint amach, ach foilseofar suíomh tailte lena mbaineann an aighneacht mar aon le forais na haighneachta).
- Sa chás go n-iarrann úinéir talún a láithreán a eisiamh ón dréachtléarscáil ar an mbonn nach gcomhlíonann sé na critéir maidir le bheith i scóip, nó tugann sé dúshlán an dáta as ar chomhlíon talamh ar an léarscáil na critéir seo, ní mór don údarás áitiúil a chinneadh a chur in iúl don úinéir tráth nach déanaí ná 1^ú Aibreán 2023.
- Sa chás gur mian le húnéir talaimh achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh ón údarás áitiúil talamh a choinneáil ar an Léarscáil Fhorlíontach chuig an mBord Pleanála ní mór dóibh é sin a dhéanamh faoin 1^ú Meán Fómhair 2023.
- Ní mór don údarás áitiúil léarscáil dheiridh a ullmhú agus a fhoilsiú faoin 1^ú Nollaig 2023 - toradh aon achomhairc chuig an mBord a léiriú, aon bhreisithe nó eisiaimh ar léarscáileanna de bhun cinntí a rinne na húdaráis áitiúla mar fhreagairt ar aighneachtaí a rinneadh nó athruithe ar chriosú.
- I gcás inar iarr úinéir talaimh athrú ar chriosú a gcuid talún, déanfaidh an tUdarás Áitiúil meastóireacht ar an aighneacht agus breithneoidh sé cibé acu ar cheart nó nár cheart athrú a dhéanamh. (Ní dhéanfar tionscnamh ar an bpróiseas athraithe ach amháin tar éis meastóireacht a dhéanamh ar aon iarratais ar athrú criosaithe a dhéantar maidir leis na dréachtléarscáileanna **agus** na léarscáileanna forlíontacha chun ligean do gach iarratas ar athruithe ar chriosú a mheas le chéile)

Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas ar fáil in 'Cáin Talún Criosaithe Cónaithe - Treoirínte d'Údaráis Phleanála' mar atá foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht [anseo](#).

CEISTEANNA COITIANTA

Tá mo teach agus mo ghairdín ar an léarscáil. Cad í an iarmhairt?

Aithnítear do theach agus do ghairdín ar an léarscáil toisc go gcomhlíonann sé na critéir don cháin, atá bunaithe ar chriosuithe faoi stiúir cónaithe agus seirbhísiú de réir infreastruchtúir atá oiriúnach chun tithíocht a sholáthar. Níl an teach agus an gairdín faoi dhliteanas na cánach, chomh fhada is atá an teach faoi réir Cánach Maoine Áitiúla (CATT).

An gá dom aighneacht a chur isteach?

Níl sé riachtanach. Fiú má aithnítear do theach ar na léarscáileanna, níl áiteanna cónaithe faoi dhliteanas i leith na cánach ina bhfuil siad faoi réir CMÁ.

Cad a tharlaíonn má tá mo ghairdín níos mó ná 0.4047ha (1 acra) –

Má tá do ghairdín níos mó ná an méid seo, ní mór duit clárú don CTCC leis na Coimisinéirí Ioncaim, ach ní bheidh do theach agus do ghairdín faoi dhliteanas na cánach. Beidh tú in ann clárú do CTCC ó dheireadh 2023 ar aghaidh. Ní gá aon ghníomh a dhéanamh chun clárú ag an am seo. Féach ar [revenue.ie](#) le do thoil, le sonraí a fháil níos gaire don am.

An féidir liom achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis áitiúil?

Tá go dtí an 1 Bealtaine 2023 ag úinéir talún chun achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis áitiúil maidir le haighneachtaí a rinneadh maidir leis an dréachtléarscáil chuig an mBord Pleanála agus go dtí an 1 Meán Fómhair 2023 chun achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis áitiúil maidir le haighneachtaí maidir leis an léarscáil fhorlíontach. Ní mór achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ina leagtar amach forais achomhairc. Níl aon fhorálacha ann do thríú páirtí achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh údaráis áitiúil talamh a choinneáil nó a bhaint de dhréachtléarscáil nó léarscáil fhorlíontach

Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin bpróiseas mapála agus aighneachtaí?

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil maidir leis an dréachtphróiseas léarscáile nó ar aighneacht a dhéanamh, seiceáil 'Do Cheisteanna Freagartha' atá le fáil [anseo](#) [nasc]. Má bhaineann do cheist le réimse áirithe talún nó mura bhfuil an freagra le fáil sna Ceisteanna Coitianta, déan teagmháil leis an Roinn Pleanála.

Tá tuilleadh eolais faoin bpróiseas ar fáil freisin trí 'Cáin Talún Criosaithe Cónaithe - Treoirínte d'Údaráis Phleanála' [anseo](#).

Mar atá leagtha amach thuas, tá dhá chuid sa phróiseas CTCC. Éilítear ar na húdaráis áitiúla tabhairt faoin mapáil a shainaithníonn an talamh atá faoi réir na

cánach, lena n-áirítear nuashonrú bliantúil ar an léarscáil dheiridh a fhoilseofar an 1 Nollaig 2023. Ina dhiaidh sin, is iad na Coimisinéirí loncaim a thabharfaidh faoi riar na cánach.

Mar gheall nach riarann an t-údarás áitiúil an cháin nílimid in ann aon cheisteanna a fhreagairt maidir le riaradh na cánach. Ba chóir do gach ceist maidir le riaradh na cánach a dhíriú chuig [\[nasc\]](#) na Coimisinéirí loncaim.

Ag féachaint do róil faoi seach na n-údarás áitiúil agus na gCoimisinéirí loncaim sa phróiseas CTCC, ba cheart ceisteanna faoin mapáil a dhéanamh chuig. [\[cuir isteach Údarás Áitiúil\]](#). Cuimsíonn seo ceisteanna faoi;

- Critéir le cur san áireamh ar Dhréachtléarscáil
- Aighneachtaí maidir le Dréachtléarscáil
- Cinntí maidir le Dréachtléarscáil
- Léarscáil fhorlíontach
- Aighneachtaí maidir le léarscáil fhorlíontach
- Cinntí maidir le léarscáil Fhorlíontach
- Aighneachtaí criosaithe
- Achomhairc (nach mór a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála)
- Léarscáil dheiridh
- Léarscáil dheiridh athbhreithnithe bhliantúil

Ba chóir ceisteanna maidir le riaradh na cánach a dhéanamh ar [láithreán gréasáin](#) na gCoimisinéirí loncaim Cuimsíonn sé seo ceisteanna ar;

- Cad is suíomh ábhartha ann chun críche CTCC
- Daoine faoi dhliteanas
- An méid cánach talún criosaithe cónaithe
- Oibleagáid le clárú
- Oibleagáid ar dhuine faoi dhliteanas tuairisceán a ullmhú agus a sheachadadh
- Lagduithe
- Cáin talún criosaithe cónaithe a chur siar

Critéir maidir le cuimsiú sa léarscáil

Tugann Alt 653B den Acht um Chomhdhlúthú Cánacha 1997, le fios:-

Sa Chuid seo, is tagairt do thalamh é tagairt do thalamh a shásaíonn na critéir ábhartha—

(a) atá san áireamh i bplean forbartha, de réir alt 10(2)(a) d'Acht, 2000, nó plean ceantair áitiúil, de réir alt 19(2)(a) d'Acht, 2000, atá criosaithe—

(i) chun críocha úsáide chónaithe amháin nó go príomha, nó

(ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

(b) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhféadfadh rochtain a bheith ag an talamh, nó go bhfuil baint aige, le bonneagar agus áiseanna poiblí, lena n-áirítear bóithre agus cosáin, soilsiú poiblí, draenáil shéarach bréan, draenáil uisce dromchla agus soláthar uisce, is gá chun áiteanna chónaithe a fhorbairt agus a bhfuil acmhainn seirbhíse dóthanach ar fáil d'fhorbairt den sórt sin, agus

(c) ina bhfuil sé réasúnach a mheas nach ndéantar difear dó, ó thaobh a riocht fisiciúil, le nithe ar bhealach leordhóthanach chun soláthar áiteanna chónaithe a chosc, lena n-áirítear éilliú nó láithreach fothrach seandálaíochta nó stairiúla is eol, ach nach talamh é—

(i) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(i) agus, ag féachaint d'fhorbairt amháin (de réir bhrí Acht, 2000) nach forbairt nár údaráidh í (de réir bhrí Acht, 2000), atá in úsáid mar áitribh, ina bhfuil trádáil nó gairm á seoladh, atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála, a bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuiltear á úsáid chun seirbhísí a sholáthar do chónaitheoirí ceantair chónaithe cóngaracha,

(ii) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(ii), mura bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil an talamh neamhshealbhaithe nó díomhaoin,

(iii) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil sé riachtanach, nó go bhfuil sé lárnach, le haghaidh áitithe ag—

(I) bonneagar agus saoráidí sóisialta, pobail nó rialtais, lena n-áirítear bonneagar agus saoráidí a úsáidtear chun críocha riaracháin phoiblí nó chun oideachas nó cúram sláinte a sholáthar,

(II) saoráidí agus bonneagar iompair,

(III) bonneagar agus saoráidí fuinnimh,

(IV) bonneagar agus saoráidí teileachumarsáide,

(V) bonneagar agus saoráidí uisce agus fuíolluisce,

(VI) bainistíocht dramhaíola agus bonneagar diúscartha, nó

(VII) bonneagar fóillíochta, lena n-áirítear saoráidí spóirt agus clóis súgartha,

(iv) atá faoi réir ainmniú reachtúil a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorbairt, nó

(v) ar a bhfuil tobhach na suíomhanna tréigthe iníoctha de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.